



**An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing,
Planning and Local Government

**Comhairliúchán Poiblí: amchlár agus clár oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an Tríú Timthriall
na hÉireann 2022-2027**

Ráiteas Príobháideachta

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais ar a bhfuil freagracht as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiceach agus pleanáil spásúlachta, rialtas áitiúil agus réamhaisnéis na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideacht a chosaint agus go mbeadh meas uirthi. Mínítear sa ráiteas príobháideachta seo an bealach a ndéanfaidh an Roinn, mar Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a sholáthraítear di a phróiseáil maidir le an Comhairliúchán Poiblí ar an amchlár agus clár oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an Tríú Timthriall na hÉireann 2022-2027; mar a bhainfear úsáid as na sonraí sin agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta.

An fáth a bhfuilimid ag próiseáil do sonraí

Bainfidh an Roinn úsáid as do sonraí chun cabhrú linn le ag forbairt an phróisis chomhairliúcháin a mhúnlú ag céimeanna difriúla den Phlean agus beidh siad mar threoir againn le linn dúinn measúnú a dhéanamh ar a rathúla a bhí na bearta a chuireamar i bhfeidhm sa Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Ní dhéanfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun na críocha ar bailíodh na sonraí sin.

Próifiliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhaileofar uait maidir le an Comhairliúchán Poiblí ar an amchlár agus clár oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an Tríú Timthriall na hÉireann 2022-2027 chun críocha cinnteoireachta uathoibríthe nó próifiliú.

Dleathacht na Próiseála

Tá sé dleathach do shonraí a phróiseáil faoi Alt 6 (1) (e) den Rialachán GDPR lena bhforáiltear go bhfuil gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir a chomhlíonadh, sa chás seo, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ina cháil mar chomhlacht atá freagrach as beartas cáilíochta uisce.

Slándáil do chuid sonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bheart slándála foirfe nó gan locht, agus ní féidir a bheith deimhin de go mbeidh aon mhodh aistrithe sonraí slán ó idirghabháil nó mí-úsáid eile. Sa chás go gcuirtear isteach ar do sonraí pearsanta mar gheall ar shárú slándála, cuirfear beart agus nósanna imeachta na Roinne i bhfeidhm maidir le Sáruithe a Bhainistiú.

Aistrithe Faisnéise Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh maidir le Comhairliúchán Poiblí ar an amchlár agus clár oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an Tríú Timthriall na hÉireann 2022-2027 chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cén fhad a choinneoidh do chuid sonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta ach an fhad a bheidh siad ag teastáil chun na críocha ar bailíodh agus ar próiseáladh iad.

De réir ceanglais reachtaíochta agus ghnó, is í an tréimhse a gcoinneofar do chuid sonraí pearsanta, sa chás seo, ná ceithre bláanta.

Do chearta

Leagtar amach i [mBeartas Cosanta Sonraí](#), na Roinne an bealach a mbainfimid úsáid as do chuid sonraí pearsanta, chomh maith le heolas a chur ar fáil maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart ar rochtain, ceart ar cheartú, ceart ar scriosadh, ceart ar theorainn a chur le próiseáil, ceart ar chur ina aghaidh), atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir cóip chrua den bheartas seo a fháil arna iarraidh.

Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Conas teagmháil a dhéanamh linn

Má tá tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, déan teagmháil le **hOifigeach Cosanta Sonraí** na Roinne, tá na mionsonraí ar fáil thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil

Bóthar an Bhaile Nua

Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Teileafón: 053 9117450